


TREOIRLÍNTE AGUS RIALACHA DUAIS PORTRÁIDE DO DHAOINE ÓGA AIB 2025

Incháilitheacht agus Riachtanais Iontrála

1. Caithfidh tú a bheith idir 0 - 18 mbliana d'aois ar an dáta a chruthaigh tú an phortráid.
2. Ní mór go ndearnadh an phortráid sa 12 mhí roimh an dáta a cuireadh isteach í.
3. Is féidir leat cur isteach ar an gcomórtas má tá gnáthchónaí ort i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
4. Ní féidir ach saothar bunaidh ealaíne amháin a chur isteach.
5. Ní féidir cur isteach ar an gcomórtas ach uair amháin sa bhliain.
6. Más neasteaghlach thú d'fhostaí, do bhall boird nó d'fhostaí eile Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (**an Gailearaí**) nó aon ionad taispeántais comhpháirtíochta, ar an drochuair níl tú i dteideal cur isteach ar an gcomórtas (sonraí le fógairt).
7. Más neasteaghlach thú de chomhalta boird, Stiúrthóir nó feidhmeannach sinsearach de chuid Bainc-Aontas Éireann, plc (**an tUrraitheoir**) nó aon chuideachta de chuid Grúpa AIB, ar an drochuair níl tú incháilithe chun cur isteach ar an gcomórtas.
8. Má tá duais buaite agat cheana féin ag Duais Bliantúil Portráidí do Dhaoine Óga an Ghailearaí, féadfaidh tú cur isteach arís le portráid nua.

9. Ní mór duit an fhoirm iontrála a chomhlánú ina hiomláine. **NÍ DHÉANFAR IARRATAIS NEAMHIOMLÁNA NÓ MÍCHRUINN A PHRÓISEÁIL.**
10. Ní ghlacfaidh an Gailearaí le hiarratais tríd an bpost ná le fíorshaothar ealaíne.
11. **Caithfidh íomhá(nna) i d'aighneacht a bheith soiléir agus an phortráid amháin a áireamh.** Déanfar do phortráid a mheas bunaithe ar an íomhá a sheolann tú chugainn! Déan cinnte go dtógtar é le fón ceamara ardchaighdeán nó SLR digiteach. Tóg grianghraf de do phortráid ag baint úsáide as soilsiú maith (Is fearr solas lae nádúrtha), agus déan cinnte nach bhfuil aon rud sa bhealach ar do phortráid agus tú ag tógáil grianghraf de. Seachain scagairí a úsáid ar cheamara; ba chóir go léireodh an grianghraf an rud fíor! Bain triail as do phortráid a chrochadh ar bhalla; cabhróidh sé seo leat léiriú maith a bhaint amach ar do shaothar ealaíne. Más portráid thríthoiseach í tóg pictiúr ó thrí uillinn dhifriúla. Bí cinnte go bhfuil roinnt spáis urláir nó tábla chun é seo a dhéanamh. Go n-éirí leat! Féach sampla thíos:



12. Ní mór do bhunsaothar féin a bheith sa phortráid a sheoltar isteach.
13. Is féidir portráidí a chur isteach trí do scoil, ach déanfar gach aighneacht a mheas ar bhonn aonair.
14. Is féidir portráidí a bhfuil gradam buaite acu cheana féin seachas Duais Bliantúil Portráidí do Dhaoine Óga an Ghailearaí a chur isteach.
15. Ní mór toiliú an suiteora a bheith ag iontrálaithe ar an ngearrliosta. Síniú an suiteora a bheidh anseo ar fhoirm a sheolfaidh an Gailearaí chuig na hiontrálaithe ar an ngearrliosta. Má tá an suiteoir 16 bliana d'aois nó níos lú (nó mura féidir leis toiliú ar a shon féin ar shlí eile) ní mór don iontrálaí ar an ngearrliosta toiliú tuismitheora/chaomhnóra an suiteoir a bheidh ar an ngearrliosta a sholáthar.
16. Ní mór go n-áireofaí i ngach portráid ábhar daonna atá beo ag an am a cruthaíodh an phortráid.
17. Ní mór gur de dhuine éigin a bhfuil aithne agat air nó féinphortráid í an phortráid.
18. Ní ghlacfar le portráidí de dhaoine anaithnid, do-aitheanta, ficseanúil nó samhailteach (bíodh sé beo nó nach bhfuil). Is féidir leat a bheith chomh samhlaíoch agus is mian leat, áfach, maidir leis an mbealach a roghnaíonn tú léiriú a dhéanamh ar do shuiteoir.
19. Ní ghlacfar le portráidí d'fhigiúirí stairiúla.

20. Ní ghlacfar le portráidí de dhaoine cáiliúla nó poiblí beo mura bhfuil aithne phearsanta agat ar an té.
21. Caithfidh an phortráid a bheith ar mhéid agus ar mheán nach gcuireann bac ar a taispeáint sa Ghailearaí. Tá sé de cheart ag an nGailearaí saothair ealaíne nach féidir a thaispeáint go réasúnta mar gheall ar a meán nó a méid a eisiamh.
22. Is é 40 kg an meáchan uasta.
23. Caithfidh na hábhair a úsáideann tú le haghaidh do phortráid a bheith domheata; gan bianna m.sh. pasta, rís, bláthanna.
24. Ba chóir go mbeadh do phortráid nua agus déanta agatsa.
25. Ní cheadaítear portráidí a dhéantar le IS (intleacht shaorga). Is féidir leat saothar a tharraingt, a phéinteáil nó úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha, fad is gur tusa an té a dhéanann na roghanna cruthaitheacha go léir.
26. Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirtear isteach mar aon le híomhá digiteach/comhad den saothar ealaíne nasctha (san fhoirm atá leagtha amach thíos). Maidir le saothair ealaíne 2T, ná cuir ach aon íomhá amháin leis. Cuir an íomhá leis mar cheangaltán. Maidir le saothair ealaíne 3T, suas le 3 íomhá leis agus ba cheart go gcloífeadh gach ceann acu leis na sonraíochtaí thíos.

Formáid íomhá: JPG

Cáilíocht íomhá: caighdeán is fearr / comhbhrú is lú, 300DPI

Uasmhéid comhaid: 3MB

Ní ghlacfar le haon iarratas a bhfuil comhaid íomhá níos mó ná 3MB acu.

Comhad físe: Úsáid d'ainm féin le haghaidh theideal an chomhaid físe.

Comhad fuaime: Úsáid d'ainm féin le haghaidh theideal an chomhaid fuaime.

27. Caithfidh an íomhá de do phortráid a chuireann tú isteach le d'fhoirm iontrála an leagan críochnaithe de do phortráid a thaispeáint. Ní féidir leat do phortráid a athrú tar éis í a chur isteach don duais, nó seans nach mbeidh sé inghlactha a thuilleadh.
28. Ní ghlacfar le hiarratais a fhaightear tar éis **10 i.n. (MAG) Dé hAoine, an 4 Iúil 2025.**
29. Cuirfear na hiontrálaithe a roghnófar don ghearrliosta ar an eolas faoi go luath i Lúnasa 2025.
30. Caithfidh ealaíontóir/tuismitheoir/caomhnóir na saothair ealaíne ar an ngearrliosta a bportráid a sheachadadh de láimh chuig an nGailearaí trí choinne a dhéanamh idir Déardaoin 21 agus Dé hAoine 22 Lúnasa 2025. **Féadfaidh na dátaí go léir a athrú.** I gcúinsí speisialta, is féidir leis an nGailearaí seachadadh saothar ealaíne ar an ngearrliosta a shocrú.
31. Tiocfaidh an fiche iontrálaí ar an ngearrliosta amach le saothar ealaíne atá frámaithe go gairmiúil/réidh le taispeáint agus taispeánfar a saothar ealaíne sa Ghailearaí.

32. Trí iontráil a dhéanamh ar an Duais, comhaontaíonn an t-iontrálaí (nó, i gcás go bhfuil sé nó sí 16 bliana d'aois nó níos óige nó nach bhfuil siad in ann toiliú a thabhairt thar a cheann féin, a thuismitheoir caomhnóir ar a shon) faoi cheangal ag na Rialacha seo.
33. Ní bheidh aon tionchar ag an Urraitheoir ar bhreithiúnas bhuaiteoirí an chomórtais seo.
34. Níl an Gailearaí ná aon taispeántas comhpháirtíochta ionchasach freagrach as aon damáiste do shaothar ealaíne nó as caillteanas saothar ealaíne le linn dó a bheith ar taispeánt, cibé is cúis leis.
35. Fanfaidh na saothair ealaíne ar an ngearrliosta go léir sa Ghailearaí go dtí go ndúnfar taispeántas Duais Portráide do Dhaoine Óga Zurich ar an 15 Márta 2026. Tar éis an taispeántais sa Ghailearaí, féadfaidh na saothair ealaíne taisteal chuig ionad comhpháirtíochta, áit a dtaispeánfar iad ar dhátaí atá fós le deimhniú. **Caithfidh** saothair ar an ngearrliosta a bheith ar fáil ar feadh ré iomlán an taispeántais sa Ghailearaí agus in aon ionad comhpháirtíochta. Ní féidir saothair ar an ngearrliosta a fháil ar ais roimh dhúnadh an taispeántais. Nuair a dhúntar an taispeántas, ní mór portráidí ar an ngearrliosta a bhailiú ag (nó thar ceann) na n-iontrálaithe ábhartha (lena n-áirítear na portráidí buaiteacha). Ní mór saothair ar an ngearrliosta a bhailiú laistigh de sheachtain ó dhíshuiteáil an taispeántais
36. Bronnfar bosca pearsantaithe d'ábhar ealaíne agus duais airgid ar na hiontrálaithe buaiteacha. Bí cinnte go seiceálann tú an ríomhphost a sholáthraíonn tú i do shonraí pearsanta idir deireadh mhí Iúil agus tús Lúnasa 2025. Mura féidir teagmháil a dhéanamh le buaiteoir nó mura n-éilíonn siad an duais laistigh de 30 lá tar éis fógra a fháil,

coimeádann an Gailearaí an ceart chun an duais a tharraingt siar ón buaiteoir agus roghnaigh buaiteoir eile.

37. Beidh an searmanas bronnta duaiseanna ar siúl sa Ghailearaí ar an 25 Samhain 2025. Féadfaidh na dátaí go léir athrú.
38. Tá breitheanna na mbreithiúna críochnaitheach agus ceangailteach agus ní dhéanfar aon chomhfhreagras maidir le cinntí den sórt sin.
39. Coimeádann an Gailearaí an ceart chun aon saothar ealaíne a dhícháiliú am ar bith mura bhfuil an t-iontrálaí tar éis cloí leis na Rialacha seo, fiú má cuireadh an saothar ar an ngearrliosta nó má roghnaíodh é mar bhuaiteoir.
40. Is é an Gailearaí amháin atá freagrach as coimeádaíocht agus crochadh an taispeántais agus coimeádann sé an ceart taispeántais a athrú de réir mar is cuí leis.
41. Ní dhéanfaidh an t-iontrálaí aon rud chun droch-cháil a tharraingt go feasach ar cháil an Ghailearaí, aon ionaid chomhpháirtíochta, Urraitheora nó Duaise.

Fógraí Dlí

42. **Toiliú:** Barántaíonn an t-iontrálaí (nó, i gcás go bhfuil siad 16 bliana d'aois nó níos óige nó nach bhfuil siad in ann toiliú a thabhairt ar a shon féin, a thuismitheoir/caomhnóir ar a shon) (i) go gcomhlíonann an phortráid na ceanglais incháilitheachta agus iontrála go léir atá leagtha amach sna Rialacha seo; (ii) gurb é an t-iontrálaí úinéir an phortráid agus go bhfuil an cóipcheart na portráide acu; agus (iii) go dtoilíonn an t-iontrálaí leis an bpictiúr agus sonraí pearsanta an

suiteora a úsáid ar an modh atá leagtha amach sna Rialacha seo agus go bhfuair siad toiliú an suiteora chun an phortráid agus sonraí pearsanta an suiteora a úsáid ar an modh atá leagtha amach sna Rialacha seo.

43. **Cóipcheart:** Fanfaidh an cóipcheart i ngach portráid a thaispeánfar sa Duais ina sheilbh don iontrálaí. Tá sé mar choinníoll iontrála, áfach, go ndeonófar leis seo don Ghailearaí agus d'aon ionad comhpháirtíochta ceadúnas neamh-eisiatach, inaistrithe, fo-cheadúnaithe, saor ó dleachtanna, neamh-inchúlghairthe: (i) chun íomhánna de na saothair ealaíne a atáirgeadh le haghaidh poiblíochta, faisnéise, oideachais, tagartha agus gach cuspóir craolta agus digiteach a bhaineann leis an Duais, foilseachán na Duaise agus aon fhoilseacháin ina dhiaidh sin; (ii) íomhá a saothar ealaíne a bhearradh de réir mar is gá chun formáidí éagsúla a chur in oiriúint do na cuspóirí thuasluaite, (iii) íomhánna a sholáthar do thríú páirtithe amhail preas/craoltóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann leis an Duais; (iv) léiriú ar na saothair ealaíne buaiteacha a úsáid chun aon chríocha fógraíochta, margaíochta, bolscaireachta nó eile; agus (v) cead a thabhairt don Urraitheoir 20 cóip de gach saothar ealaíne buaiteach a chruthú agus a dháileadh ar dhaoine dá rogha féin. Más mian leis an nGailearaí táirgí tráchtála a tháirgeadh ina bhfuil nó ina bhfuil cóipeanna de shaothair ealaíne le díol (cosúil le póstaeir, cártaí poist srl), déanfar dleachtanna caighdeánacha a thairiscint do na hiontrálaithe chomh maith le líon socraithe cóipeanna dá n-úsáid féin.

Féadfaidh an Gailearaí agus aon ionad comhpháirtíochta, ach ní bheidh sé d'oibleagáid orthu, próisis na Duaise a scannánú agus a

chraoladh. Toilíonn an t-iontrálaí (nó, i gcás go bhfuil siad 16 bliana d'aois nó níos lú nó nach bhfuil siad in ann toiliú a thabhairt thar a gceann féin, a thuismitheoir caomhnóir ar a shon) go neamh-inchúlghairthe lena bpictiúr, chomh maith le píosa scannáin den iontrálaí, a áireamh sa scannánaíocht sin, cibé an gcraoltar nó nach gcraoltar é. Admhaíonn an t-iontrálaí nach leis féin na cearta maoine intleachtúla in aon phíosa scannáin den sórt sin agus go mbeidh an Gailearaí i dteideal gan tagairt a dhéanamh don ealaíontóir nó do shuiteoir an ealaíontóra, cibé píosaí scannáin is cuí leis a chur in eagar agus é a dháileadh ar aon mheán aon áit ar bith ar domhan. Leis seo, tarscaoileann an t-ealaíontóir (nó, i gcás go bhfuil siad 16 bliana d'aois nó níos lú nó nach bhfuil siad in ann toiliú a thabhairt thar a cheann féin, a thuismitheoir caomhnóir ar a shon) go neamh-inchúlghairthe cearta morálta uile agus aon taibheoirí agus aon chearta eile dá samhail a d'fhéadfadh a bheith dílsithe don ealaíontóir i leith an méid a chuireann siad le píosaí scannáin den sórt sin i bhfabhar an Ghailearaí agus a chomharbaí agus a sannann sé.

44. Fiafrófar de na healaíontóirí ar an ngearrliosta más mian leo cead a thabhairt don phobal grianghraif a ghlacadh dá saothar ealaíne sa Ghailearaí agus in aon ionad comhpháirtíochta le haghaidh úsáide neamhthrachtála. Toirmiscfear tríchosaigh, monapóidí agus tóirse i gcónaí. Coimeádfaidh ealaíontóirí ar an ngearrliosta an ceart chun cead a dhiúltú don iarratas seo.
45. Fiafrófar de na healaíontóirí ar an ngearrliosta más mian leo cead a thabhairt do cheadúnas neamh-eisiatach, fo-chedúnaithe, gan dleachtanna, neamh-inchúlghairthe don Urraitheoir chun íomhánna

dá saothar ealaíne a atáirgeadh chun críocha poiblíochta agus digiteacha i dtaca leis an Duais. Coinníonn ealaíontóirí ar an ngearrliosta an ceart chun cead a dhiúltú don iarratas seo.

Cosaint Sonraí

46. Admhaíonn agus aontaíonn an t-iontrálaí (nó a thuismitheoir nó a gcaomhnóir ar a shon, i gcás ina bhfuil sé faoi bhun 16 bliana d'aois nó nach bhfuil in ann toiliú a thabhairt thar a cheann féin) leis seo agus toilíonn sé go bhféadfaidh Submit, ina cháil mar phróiseálaí sonraí, sonraí pearsanta ar bith a chuirtear ar fáil don Ghailearaí de bhun na dTreoirlínte agus na Rialacha seo, nó i dtaca leo, lena n-áirítear sonraí pearsanta a bhaineann leis an iontrálaí agus an té a chuirtear ar fáil ar an bhFoirm Iontrála agus an Fhoirm Toilithe & Eisiúna, thar ceann an Ghailearaí chun an próiseas iarratais ar líne don Duais a bhainistiú, agus go bhféadfadh an Gailearaí (nó próiseálaithe tríú páirtí thar a cheann) é sin a dhéanamh freisin chun na gcríoch seo a leanas:

- a) chun na Téarmaí & Coinníollacha seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, íocaíocht a phróiseáil;
- b) más infheidhme, chun glacadh leis an Saothar Ealaíne agus aon Saothar Ealaíne coimisiúnaithe a tháirg buaiteoir an Chomórtais sa Bhailiúchán Náisiúnta a thaifeadadh, de réir oibleagáidí an Ghailearaí faoi Achtanna Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963;
- c) maidir leis an Líne Chreidmheasa, le foilsiú ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí in aon chatalóg, lipéad taispeána agus/nó ábhar

poiblíochta taispeántais arna dtáirgeadh ag an nGailearaí nó thar ceann an Ghailearaí ina bhfuil an Saothar Ealaíne le feiceáil;

- d) d'Ealaíontóirí ar bith ar an ngearrliosta, chun críocha preasa agus cur chun cinn eile a bhaineann leis an gComórtas, lena n-áirítear na meáin shóisialta;
- e) chun críocha ginearálta riaracháin a bhaineann le hObair an Ealaíontóra, lena n-áirítear iompar, seachadadh agus bailiú na Saothar Ealaíne;
- f) más infheidhme, chun dul isteach i TMS, córas bainistíochta bailiúcháin an Ghailearaí; Gabháil, córas CRM an Ghailearaí agus bunachar sonraí cóipchirt an Ghailearaí;
- g) cuireadh a thabhairt don Ealaíontóir chuig aon oscailt Taispeántais ag a dtaispeántar an Saothar Ealaíne nó imeachtaí gaolmhara preasa, poiblíochta nó eile arna n-óstáil ag an nGailearaí;
- h) maidir le haon phróiseáil sonraí is gá chun go bhféadfaidh an Gailearaí a chúram ar mhaithe le leas an phobail maidir le heolas ar na hamharcealaíona a mhéadú nó a scaipeadh a chomhlíonadh, de réir a oibleagáidí faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997;
- i) chun críocha iniúchta airgeadais; agus
- j) chun críocha taighde staidrimh, staire agus chartlainne.

Coinneofar aon fhaisnéis phearsanta arna próiseáil ag Submit mar chuid den phróiseas iarratais ar líne don duais nó ag an nGailearaí féin ar feadh tréimhse 12 mhí chun na cuspóirí atá leagtha amach thuas a chomhlíonadh, mura gcoimeádtar iad chun críoch taighde staire nó

cartlainne. Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar do chearta maidir le do shonraí pearsanta, léigh ár [bhFógra Príobháideachta](#) agus [Polasaí Príobháideachta Submit](#).

47. Beidh na Rialacha seo faoi rialú agus arna bhforléiriú de réir dhlí na hÉireann agus beidh aon díospóidí a éireoidh faoi na Rialacha seo faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na hÉireann.

Is comórtas ionchuimsitheach ealaíne é Duais Portráide do Dhaoine Óga AIB atá oscailte do leanaí agus do dhaoine óga de gach cumas ar fud oileán na hÉireann.

Gluais téarmaí:

Portráid: léiriú de dhuine déanta as ábhar ar bith, mar shampla, pictiúr, líníocht, colláis, grianghraf, dealbhóireacht, fuaim nó físeán.

Iontrálaí: duine a théann isteach i rud éigin nó a ghlacann páirt.

Suiteoir: duine a shuíonn le haghaidh portráid.

Toiliú: cead go dtarlódh rud éigin nó comhaontú chun rud éigin a dhéanamh.

Diptic: íomhá a chruthaítear ar dhá dhromchla réidh, ceangailte le hinsí de ghnáth.

Triptic: íomhá a chruthaítear ar thrí dhromchla réidh, ceangailte le hinsí de ghnáth.

Ábhar: aon rud a úsáideann tú chun do phortráid a dhéanamh (mar shampla, péint, dúch, crián, colláis, peann luaidhe, sreang, adhmaid)

2T: dromchla déthoiseach (mar shampla, bileog pháipéir, cárta nó adhmaid, canbhás rite)

3T: réad tríthoiseach (mar shampla, dealbh déanta as ábhar mar adhmaid, sreang, cruach)

Fístéip: taifeadadh íomhánna gluaisteacha a dhéantar go digiteach nó ar fhístéip.

Fuaim: fuaim a thaifeadtar, a tharchuirtear nó a atáirgetar.

MB: Meigibheart. Is iomaí aonad é seo le haghaidh faisnéise digiteach. Déantar méid íomhá digiteach a thomhas i mbearta.

PSO: Poncanna san orlach. Tomhas taifeach a úsáidtear le haghaidh téacs nó íomhánna clóite; ciallaíonn níos mó poncanna san orlach, taifeach níos airde.